2026/2158

29.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2158 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Meán Fómhair 2026

maidir le húdarú bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Rinneadh na substaintí bláthola bachlóg clóibh agus bláthola duilleog clóibh ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry a údarú gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine (an codán a áiríodh roimhe seo san iontráil maidir le bláthola duilleog clóibh) ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí na breiseáin sa chatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí na breiseáin a údarú freisin lena n-úsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaistithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseán sin in uisce óil a cheadú.

(5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 5 Iúil 2023 ([3]) maidir le bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry nach ábhar imní iad le haghaidh spriocspeicis lena ramhrú agus meastar nach dócha go gcruthóidh siad éifeachtaí díobhálacha in aon speiceas eile agus in ainmhithe fadsaolacha agus atáirgthe ar uastiúchaintí áirithe a shonraítear a thuilleadh le haghaidh gach speicis. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár sainaithníodh aon ábhar imní do thomhaltóirí tar éis bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry a úsáid, faoi na coinníollacha atá beartaithe, agus nach meastar go mbeidh a n-úsáid, faoi na coinníollacha atá beartaithe, ina riosca don chomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry gur cheart a mheas gur greannaitheoirí craicinn agus súl agus íogróirí

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj).
([3]) *EFSA Journal* 2023 [Iris EFSA] 21(7), e08183. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8183.

craicinn agus riospráide iad. Chuir an tÚdarás in iúl go bhféadfadh úsáideoirí gan chosaint a bheith nochta do mheitileoganól agus na breiseáin á láimhseáil acu agus gur cheart, dá bhrí sin, nochtadh na n-úsáideoirí a íoslaghdú chun an riosca sin a laghdú. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin, ós rud é n-aithnítear maidir le bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry go gcuireann siad blas ar bhia agus go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, is atá acu i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin nach raibh gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil maidir leis an modh anailíse ar na breiseáin bheathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún maidir le bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry go gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Maidir le meitileoganól, substaint ar údar imní í agus a bhaineann leis an ngrúpa *p*-ailliolocsaibeinséiní, a bheith ann i mbláthola bachlóg clóibh, i mbláthola duilleog clóibh agus i gcodán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry, measann an Coimisiún nach mór uaschion a shocrú i leith na mbreiseán beathaithe sin in ábhar beatha iomlán. Measann sé freisin, maidir le bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry, go gceadaítear a n-úsáid chomhuaineach le breiseáin bheathaithe eile ar choinníoll go bhfanann an cion comhcheangailte *p*-ailliolalcocsaibeinséiní (meitileoganól, eistriogól, éilimicin, safról, míristicin, diolaipiól, agus aipiól) in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann dá n-úsáidfí an breiseán beathaithe údaraithe, ina bhfuil an t-uaschion de na substaintí sin, ar a uaschion nó ar a uaschion molta i gcás an speicis ainmhíoch ábhartha nó na catagóire ainmhí ábhartha. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(7) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe' údaraítear iad mar bhreiseáin beathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na breiseáin bheathaithe bláthola bachlóg clóibh, bláthola duilleog clóibh agus codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine ó *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry, mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE, agus na réamh-mheascáin a bhfuil na breiseáin sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 19 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 19 Deireadh Fómhair 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 19 Deireadh Fómhair 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 19 Deireadh Fómhair 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 19 Deireadh Fómhair 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 19 Deireadh Fómhair 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, and 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b188-eo	Bláthola bachlóg clóibh	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bláthola a fhaightear ó bhachlóga bláthanna triomaithe *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry (comhchiallach: *Eugenia caryophyllata* Thunb.) Foirm leachtach *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Bláthola bachlóg clóibh: Bláthola, mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]), agus a fhaightear ó bhachlóga bláthanna triomaithe *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar so-ghalaithe agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil. Uimhir CAS: 8000-34-8 Einecs: 284-638-7 ([2]) Uimhir FEMA: 2323 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 188 Sonraíochtaí Eoigeanól: 67-85 % β-Caraifilléin: 2-16 % Aicéatáit eogainile: 5-15 % Eistriogól: ≤ 0,01 % Meitileoganól: ≤ 0,13 %	Turcaithe lena ramhrú	-	-	43,0	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadaítear bláthola bachlóg clóibh a úsáid go comhuaineach le breiseáin bheathaithe eile ar choinníoll go bhfanann an cion comhcheangailte *p*-ailliolalcocsaibeinséiní (meitileoganól, eistriogól, éilimicin, safról, míristicin, diolaipiól, agus aipiól) in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann dá n-úsáidfí an breiseán beathaithe údaraithe, ina bhfuil an t-uaschion de na substaintí sin, ar a uaschion nó ar a uaschion molta i gcás an speicis ainmhíoch ábhartha nó na catagóire ainmhí ábhartha.	an 19 Deireadh Fómhair 2036
			Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	32,0		
			Gach éanlaith chlóis a bhfuiltear lena dtógáil le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	28,5		
			Éin ornáideacha	-	-	28,5		
			Gach éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	28,5		
			Muca lena ramhrú	-	-	50,0		
			Muca de mhionspeicis *Suidae* lena ramhrú	-	-	50,0		
			Bainbh (diúil agus scoite) de gach *Suidae*	-	-	30,5		
			Gach *Suidae* le haghaidh atáirgeadh	-	-	50,0		
			Laonna lena ramhrú	6 mhí	-	50,0		
			Caoirigh agus gabhair	-	-	50,0		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Modh anailíse ([3]) Maidir le heoigeanól (marcóir fíticeimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le brath ianúcháin lasrach (CG-BIL) (ISO 3142)	Eallaí lena ramhrú; athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; *Camelidae* lena ramhrú	-	-	50,0	4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann.	
			Gach athchogantach eile; gach *Camelidae* eile	-	-	50,0		
			Equidae	-	-	50,0		
			Leporidae	-	-	30,5		
			Salmainidí agus mionéisc eite	-	-	50,0		
			Madraí	-	-	50,0		
			Cait	-	-	25,0		
			Éisc ornáideacha	-	-	50,0		
			Speicis agus catagóirí eile	-	-	25,0		

([1]) Natural sources of flavourings - Report No. 2 (2007).[Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
([2]) Ní thagraítear anseo ach don bhláthola ó dhuilleoga Syzygium aromaticum (L.) Merr. & L.M. Perry.
([3]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b188i-eo	Bláthola duilleog clóibh	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bláthola a fhaightear ó dhuilleoga *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry Foirm leachtach *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Bláthola duilleog clóibh: Bláthola, mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]), agus a fhaightear ó dhuilleoga *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar so-ghalaithe agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil. Uimhir CAS: 8000-34-8 Einecs: 284-638-7 ([2]) Uimhir FEMA: 2325 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 188 Sonraíochtaí Eoigeanól: 80-95 % β-caraifilléin: 4-17 % Aicéatáit eogainile: ≤ 1 % Eistriogól: ≤ 0,01 % Meitileoganól: ≤ 0,03 %	Turcaithe lena ramhrú	-	-	48	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadaítear bláthola duilleog clóibh a úsáid go comhuaineach le breiseáin bheathaithe eile ar choinníoll go bhfanann an cion comhcheangailte *p*-ailliolalcocsaibeinséiní (meitileoganól, eistriogól, éilimicin, safról, míristicin, diolaipiól, agus aipiól) in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann dá n-úsáidfí an breiseán beathaithe údaraithe, ina bhfuil an t-uaschion de na substaintí sin, ar a uaschion nó ar a uaschion molta i gcás an speicis ainmhíoch ábhartha nó na catagóire ainmhí ábhartha.	19 Deireadh Fómhair 2036
			Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	36		
			Gach éanlaith chlóis a bhfuiltear lena dtógáil le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	54		
			Éin ornáideacha	-	-	54		
			Gach éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	54		
			Muca lena ramhrú	-	-	77		
			Muca de mhionspeicis *Suidae* lena ramhrú	-	-	65		
			Bainbh (diúil agus scoite) de gach *Suidae*	-	-	65		
			Gach *Suidae* le haghaidh atáirgeadh	-	-	95		
			Laonna lena ramhrú	6 mhí	-	100		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Modh anailíse ([3]) Maidir le heoigeanól (marcóir fíticeimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le brath ianúcháin lasrach (CG-BIL) (ISO 3141)	Caoirigh agus gabhair	-	-	100	4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann.	
			Eallaí lena ramhrú; athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; *Camelidae* lena ramhrú	-	-	100		
			Gach athchogantach eile; gach *Camelidae* eile	-	-	92		
			Equidae	-	-	100		
			Leporidae	-	-	57		
			Salmainidí agus mionéisc eite	-	-	100		
			Madraí	-	-	100		
			Cait	-	-	28		
			Éisc ornáideacha	-	-	100		
			Speicis agus catagóirí eile	-	-	28		

([1]) Natural sources of flavourings - Report No. 2 (2007).[Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
([2]) Ní thagraítear anseo ach don bhláthola ó dhuilleoga Syzygium aromaticum (L.) Merr. & L.M. Perry.
([3]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b188ii-eo	Codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bláthola a fhaightear ó dhuilleoga *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry Foirm leachtach *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine: Bláthola, mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]), agus a fhaightear ó dhuilleoga *Syzygium aromaticum* (L.) Merr. & L.M. Perry trí dhriogadh codánach na hola duilleog clóibh í féin. Uimhir Chomhairle na hEorpa: 188 Sonraíochtaí β-caraifilléin: 70-90 % Eistriogól: ≤ 0,01 % Meitileoganól: ≤ 0,06 % *Modh anailíse* ([2]) Maidir le β-caraifilléin (marcóir fíticeimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le brath ianúcháin lasrach (CG-BIL) (ISO 11024)	Turcaithe lena ramhrú	-	-	34	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadaítear codán de bhláthola duilleog clóibh ar mhórán béite-caraifilléine a úsáid go comhuaineach le breiseáin bheathaithe eile ar choinníoll go bhfanann an cion comhcheangailte *p*-ailliolalcocsaibeinséiní (meitileoganól, eistriogól, éilimicin, safról, míristicin, diolaipiól, agus aipiól) in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann dá n-úsáidfí an breiseán beathaithe údaraithe, ina bhfuil an t-uaschion de na substaintí sin, ar a uaschion nó ar a uaschion molta i gcás an speicis ainmhíoch ábhartha nó na catagóire ainmhí ábhartha.	19 Deireadh Fómhair 2036
			Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	26		
			Gach éanlaith chlóis a bhfuiltear lena dtógáil le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	38		
			Éin ornáideacha	-	-	38		
			Gach éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	38		
			Muca lena ramhrú	-	-	54		
			Muca de mhionspeicis *Suidae* lena ramhrú	-	-	46		
			Bainbh (diúil agus scoite) de gach *Suidae*	-	-	46		
			Gach *Suidae* le haghaidh atáirgeadh	-	-	67		
			Laonna lena ramhrú	6 mhí	-	114		
			Caoirigh agus gabhair	-	-	101		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
			Eallaí lena ramhrú; athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; *Camelidae* lena ramhrú	-	-	101	4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann.	
			Gach athchogantach eile; gach *Camelidae* eile	-	-	65		
			Equidae	-	-	101		
			Leporidae	-	-	40		
			Salmainidí agus mionéisc eite	-	-	112		
			Madraí	-	-	50		
			Cait	-	-	20		
			Éisc ornáideacha	-	-	50		
			Speicis agus catagóirí eile	-	-	20		

([1]) Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.